

# NÓTA FAISNÉISE BEARTAIS ECDC



## Ullmhú le haghaidh víreas Zika san Aontas Eorpach

### Achoimre

Táthar ag leanúint de scaipeadh epidéim víreas Zika i gCríocha Mheiriceá agus i réigiún Mhuir Chairib agus tá roinnt mhaith tíortha ar fud an domhain thíos leis faoi láthair. Tá fianaise ar fáil anois ar bhaint idir bean a bheith ionfhabhtaithe leis an víreas le linn toirchis agus anchumaí ó bhroinn a bheith ar inchinn an fhéatais i mbéal forbartha. Tá baint ann freisin idir ionfhabhtú víreas Zika agus siondróm Guillain-Barré, rud a bhfuil pairilis agus siomptóim néareolaíocha eile i ndaoine fásta agus, i gcásanna níos neamhchoitianta, i leanaí mar chomharthaí sóirt aige.

Is féidir go dtiocfaidh cásanna ionfhabhtú víreas Zika atá faighte go háitiúil aníos san Eoraip an samhradh seo i dtíortha ina bhfuil mórphobal muiscítí *Aedes albopictus* (speiceas muiscíte atá in ann víreas Zika a scaipeadh) agus ina bhfuil na tosca éiceolaíochta agus aeráide fabhrach do scaipeadh.

Maidir le Réigiún Féinrialaitheach Mhaidéara (an Phortaingéil), is airde an dóchúlacht go dtiocfaidh cásanna ionfhabhtú víreas Zika atá faighte go háitiúil aníos ann ná atá sí i mór-roinn na hEorpa. Tá *Aedes aegypti*, an príomhspeiceas muiscíte atá in ann víreas Zika a scaipeadh, i láthair i Maidéara. Chomh maith leis sin, aimsíodh *Aedes albopictus*, speiceas muiscíte nach bhfuil chomh héifeachtúil sin, in áiteanna eile i mór-roinn na hEorpa.

Táthar ag aimsiú chásanna iompórtáilte víreas Zika san Eoraip agus táthar ag súil go leanfar leis an treocht sin mar thoradh ar an líon ard daoine a bhíonn ag taisteal idir na réigiúin is mó atá thíos leis an víreas agus an Eoraip. Táthar ag súil go dtarchuirfear víreas Zika de bharr gníomh gnéasach i measc taistealaithe a bheidh ag filleadh ó limistéir atá thíos leis an víreas, rud atá á thuairisciú i roinnt tíortha cheana féin.

Tá sé tábhachtach go bhfuil tíortha an Aontais Eorpaigh ullmhaithe don bhagairt sin. Teastaíonn pleananna oibríochtúla le haghaidh bearta freagartha ina leith sin, lena n-áirítear an acmhainn chun cásanna a aimsiú agus a fháthmheas go luath agus faireachas a dhéanamh, agus acmhainní cuí a chur ar fáil chun rialú feabhsaithe muiscítí a choinneáil ar bun. Mura ndéantar amhlaidh, d'fhéadfadh go scaipfí an galar níos leithne, rud ba chúis le costais níos mó i leith rialú muiscítí agus cúram do dhaoine atá thíos leis agus le leibhéal ní b'airde inní i measc an phobail i gcoitinne.

Teastaíonn freagairt chomhtháite agus is féidir le tíortha a gcuid pleananna a chomhdhlúthú bunaithe ar na nithe seo:

- feasacht chliniciúil chun fáthmheas luath a chumasú
- acmhainn saotharlainne le haghaidh víreas Zika a aimsiú
- faireachas
- bearta rialaithe muiscítí
- cumarsáid leis an bpobal.

### An tsaincheist

Leagtar amach sa doiciméad seo na bearta ullmhachta is féidir a dhéanamh chun an riosca go scaipfear víreas Zika i mór-roinn na hEorpa a íoslaghdú, go háirithe chun mná torracha agus mná ar mian leo éirí torrach a chosaint, ós rud é go bhfuil fianaise ann ar an mbaint idir víreas Zika agus anchumaí ó bhroinn ar inchinn an fhéatais atá i mbéal forbartha.

Mar thoradh ar an líon ard daoine a bhíonn ag taisteal idir réigiúin atá thíos le víreas Zika agus an Eoraip, tá seans ann go dtabharfar an víreas isteach san Eoraip.

Tá muiscítí atá in ann víreas Zika a tharchur i láthair in áiteanna áirithe san Eoraip, go háirithe i ndeisceart na hEorpa (féach Fíor 1). Fágann sé sin go bhféadfadh cásanna ionfhabhtú víreas Zika teacht aníos mar thoradh ar ghreim a bheith bainte ag muiscít ionfhabhtaithe as duine san Aontas Eorpach agus mar thoradh ar ionfhabhtú atá faighte san Aontas Eorpach trí tharchur gnéasach.

Tá cásanna víreas Zika i dtaistealaithe fillte á dtuairisciú i dtíortha san Aontas Eorpach cheana féin. Tá cásanna iompórtáilte d'anchumaí ó bhroinn ar inchinn na bhféatas atá i mbéal forbartha á dtuairisciú freisin. Taifeadadh tarchur gnéasach víreas Zika freisin agus d'fhéadfadh sé teacht aníos san Eoraip mar thoradh ar thaistealaithe atá ag filleadh ó limistéir atá thíos leis an víreas.

## Na himpleachtaí a bhaineann le neamhghníomhaíocht

D'fhéadfadh nach n-aimeofaí cásanna go luath dá mb'ann d'easpa feasachta i measc cliniceoirí ar shiomptóim víreas Zika nó murarbh ann ach acmhainn bheag saotharlainne. De bhreis air sin, d'fhéadfadh go méadófaí an dóchúlacht go scaipfead an víreas mura ndéantar bearta rialaithe muiscítí go cuí agus go tráthúil, mura gcuirtear faisnéis ar fáil don phobal faoi na rioscaí a bhaineann le tarchur gnéasach agus mura gcoiscítear greim muiscítí go cuí.

D'fhéadfadh go mbeadh ualach eacnamaíoch trom ag baint le cásanna víreas Zika san Aontas Eorpach mar thoradh ar na nithe seo:

- **An faireachas cliniciúil breise a theastaíonn maidir le mná torracha i limistéir atá thíos leis an víreas agus atá ag filleadh ó na limistéir sin:** moltar go ndéanfaí faireachán rialta ar mhna torracha agus go dtabharfaí iarchúram dóibh má fágadh gan chosaint ar an víreas iad.
- **Na hiarmhairtí fadtéarmacha a bhaineann le cúram a thabhairt do bhábaithe a rugadh agus micriceifealach orthu:** fadhb ar feadh an tsaoil agus nach bhfuil aon leigheas aitheanta uirthi ná gnáthchóireáil ina leith ann is ea micriceifealach. I dtaca le babaithe a rugadh agus micriceifealach orthu, beidh sé riachtanach scrúduithe sláinte a dhéanamh orthu agus cúnaimh liachta a thabhairt dóibh ar bhonn rialta chun faireachán a dhéanamh ar a bhfás agus a bhforbairt agus chun tacaíocht a thabhairt dóibh ina leith.
- **Na costais chúram sláinte a bhaineann le cásanna siondróm Guillain-Barré a bhainistiú:** is minic a bhíonn cúram a thugtar le haerú meicniúil in aonaid dianchúraim ag teastáil sna cásanna sin.

Is soiléir atá na buntáistí a bhaineann le hinfheistíocht fhadtéarmach in ullmhacht. Is féidir a bheith ag súil le hiompórtálacha nua lena mbaineann fadhbanna den chineál céanna sa todhchaí. Má bhunaíonn tíortha dea-chleachtas ullmhachta, mar sin, cuirfead ar a gcumas déileáil níos fearr le víreas Zika agus le víris eile a n-iompraíonn *Aedes* iad, mar atá fiabhras deinge agus fiabhras chikungunya.

## Cad is féidir a dhéanamh?

Cad is féidir a dhéanamh chun aimsiú luath agus freagairt mhear a chinntiú le haghaidh an riosca go dtarchuirfead an víreas san Aontas Eorpach a laghdú?

Is féidir oiliúint a chur ar oibríthe cúram sláinte sa tábhacht a bhaineann le víreas Zika a aimsiú go luath. Is féidir treoirilínte agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm do chliniceoirí maidir le conas déileáil le hothair a meastar go bhfuil víreas Zika orthu (lena n-áirítear bearta a dhéanamh chun laghdú a dhéanamh ar an riosca go dtabharfar an víreas isteach sa phobal áitiúil muiscítí le cásanna daonna), maidir le conas is féidir ionfhabhtú víreas Zika a dheimhniú agus maidir le conas is féidir galair mhuiscítí-iompartha a thuairisciú.


I gcás foláireamh sláinte poiblí, mar shampla, tar éis do chásanna áitiúla teacht aníos, beifear in ann cásanna a shainaithint go tapa más féidir faisnéis a scaipeadh lom láithreach ar gach gairmí sláinte, ar gach seirbhís sláinte poiblí agus ar gach earnáil eile amhail an earnáil comhshaoil, an earnáil iompair agus an earnáil turasoíreachta.

Tá sé tábhachtach go gcinntíonn údaráis náisiúnta acmhainn saotharlainne atá leordhóthanach agus bailíochtaithe le haghaidh aimsiú víreas, sainaitheint víreas agus tástáil shéireolaíoch. Ba cheart méid suntasach comhair agus cumarsáide a spreagadh idir saotharlanna áitiúla agus saotharlanna tagartha le haghaidh tástáil bhreise.

Ba cheart sonraí faireachais agus faireacháin a chomhroinnt go córasach agus go rialta idir gach earnáil agus ar gach leibhéal (an leibhéal áitiúil, an leibhéal réigiúnach agus an leibhéal náisiúnta). Iarradh ar thíortha cásanna a thuairisciú don Chóras Eorpach um Fhaireachas (TESSy) freisin.

### Acmhainní úsáideacha ECDC

- Tá [Algorithm for the public health management of cases under investigation for Zika virus infection](#) (Algartam le haghaidh bainistiú sláinte poiblí a dhéanamh ar chásanna faoi imscrúdú le haghaidh ionfhabhtú víreas Zika) ar fáil agus is féidir é a úsáid le haghaidh othair a bhfuil airíonna an ghalair orthu.
- Tugtar forbhreathnú fóna in [Guidelines for the surveillance of invasive mosquitoes in Europe](#) ar fhaireachas feithideolaíochta a dhéantar ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal fonáisiúnta.
- Tá [Interim guidance for healthcare providers and Zika virus laboratory diagnosis](#) ar fáil ar líne agus is féidir í a úsáid chun fáthmheas saotharlainne na samplaí a threorú.
- Sa doiciméad [Zika virus disease epidemic: Preparedness planning guide for diseases transmitted by Aedes aegypti and Aedes albopictus](#), leagtar béim ar bhearta is féidir a dhéanamh chun laghdú a dhéanamh go héifeachtach ar an riosca go n-iompórtálfar galair a dtarchuireann *Ae. aegypti* agus *Ae. albopictus* iad agus go dtarchuirfead iad go háitiúil.
- Is ar [an leathanach ar an ráig de víreas Zika](#) atá an t-ábhar ar fad a tháinig ECDC maidir leis an ráig reatha de víreas Zika

**Fíor 1. Limistéir san Eoraip a bhfuil *Aedes albopictus* i láthair iontu, Eanáir 2016**

Foinse: An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, VectorNet. Stócólm: 2016.

Is féidir cur chun cinn a dhéanamh ar rannpháirtíocht an phobail i bpobail mhuiscítí a rialú ach bearta coisctheacha aonair agus bearta coisctheacha comhchoiteanna a dhéanamh.

#### Cé na bearta rialaithe atá ar fáil i gcás tarchur áitiúil?

Tá sé tábhachtach bearta rialaithe muiscítí a phleanáil agus a ullmhú le gur féidir iad a ghníomhachtú a luaithe is féidir tar éis cásanna iompórtáilte a aimsiú. Ba é an cliseadh cásanna áitiúla fhiabhras chikungunya i dtuaisceart na hIodáile sa bhliain 2007 a aithint go luath ba chúis le scaipeadh an ghalair chuig breis agus 200 cás sa réigiún [Rezza, et al. 2007].

Áirítear le bearta ar féidir leis na húdaráis iad a dhéanamh le linn ráige laghdú a dhéanamh ar an líon muiscítí fásta ach feithicídí a aerspraeáil de réir Rialachán an Aontais Eorpaigh maidir le Táirgí Bithicídí (Rialachán (AE) 528/2012). D'fhéadfaí beartais ghinearálta maidir le táirgí bithicídí a úsáid ar leibhéal institiúideach nó ar leibhéal an phobail áitiúil a chur chun feidhme le haghaidh rialú veicteoirí ar an leibhéal náisiúnta.

Chomh maith leis sin, baineann tábhacht leis an bpobal i gcoitinne a spreagadh bearta rialaithe veicteoirí a chur chun feidhme ina dtimpeallacht féin (suíomhanna pórúcháin a laghdú, bearta cosanta pearsanta a dhéanamh). Le linn na ráige d'fhiabhras deinge i Maidéara sa bhliain 2012, tugadh faoi fheachtais faisnéise ó dhoras go doras agus rinneadh gníomhaíochtaí pobalbhunaithe lenar bhain earnálacha difriúla den tsochaí agus postálacha ar na meáin shóisialta [Sousa, et al. 2012].

#### Cad is féidir a dhéanamh chun laghdú a dhéanamh ar an riosca go ndéanfar dochar a bhaineann le víreas Zika do mhná torracha?

Ós rud é go bhfuil fianaise ann ar bhaint idir duine a bheith ionfhabhtaithe le víreas Zika le linn toirchis agus anchumaí ó bhroinn a bheith ar inchinn an fhéatais i mbéal forbartha, is féidir bearta a dhéanamh chun eolas a thabhairt do mhná torracha agus do mhná ar mian leo éirí torrach faoin riosca a bhaineann le hionfhabhtú víreas Zika agus faoi na bealaí is fearr le greamanna muiscítí a chosc.

Is féidir comhairle shoiléir a thabhairt do mhná torracha agus do mhná ar mian leo éirí torrach i gcásanna ina bhfuil siad ag taisteal chuig limistéir a bhfuil an víreas á tharchur go gníomhach iontu agus ina bhfuil siad ag taisteal ó na limistéir sin agus do na mná atá ina gcónaí i limistéir atá i mbaol.

Is féidir go mbeidh sé riachtanach breithniú a dhéanamh, de réir treoirlínte náisiúnta, ar fhaireachas breisithe a dhéanamh ar mhná torracha a thagann ar ais ó limistéir ina bhfuil an víreas á tharchur go gníomhach agus ar iarchúram a thabhairt dóibh (trí chomhairle chliniciúil, seirbhísí diagnóiseacha agus cúram a chur ar fáil).

Beifear in ann cásanna a aimsiú go luath má mhéadaítear an fheasacht atá ag cnáimhseoirí agus ag néareolaithe ar na siomptóim atá bainteach le hionfhabhtú víreas Zika.

Tá tuairisc tugtha cheana féin ar roinnt cásanna inar tarchuireadh víreas Zika ó fhir chuig mná de bharr gníomh gnéasach. D'fhéadfadh go ndéanfadh tíortha breithniú ar threoir shoiléir a thabhairt faoi na réamhchúirí a d'fhéadfadh go mbeadh ar fhir agus ar mhná a ghlacadh ar fhilleadh dóibh ó limistéir ina bhfuil an víreas á tharchur go gníomhach maidir leis an bhfad ama ba cheart dóibh gnéas sábháilte a bheith acu tar éis dóibh fillleadh.

### Cad is féidir a dhéanamh chun laghdú a dhéanamh ar an riosca go dtarchuirfean an víreas le haistrithe agus le trasphlanduithe?

Deonuithe ó dheontóirí fola agus ó dheontóirí beo ceall agus fíochán (amhail seamhan) atá i mbaol a bheith ionfhabhtaithe le víreas Zika, is féidir iad a chur siar ar bhonn sealadach. Táirgeann ECDC léarscáileanna gach seachtain ina léirítear limistéir ina bhfuil víreas Zika muiscít-iompartha á tharchur go háitiúil san Eoraip. Is féidir le húdarais náisiúnta an fhaisnéis sin a úsáid chun sainathint a dhéanamh ar limistéir tharchuir agus ar bhearta sábháilteachta a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm le haghaidh substaintí de bhunús daonna (SoHO), fearacht na mbeart sábháilteachta sin atá i bhfeidhm cheana féin le haghaidh fhiabhras na Níle Thiar. D'fhéadfaí scaghtástáil saotharlainne a dhéanamh ar fhuil dheonaithe ach tástáil aigéid ribeanúicléasaigh a úsáid chun soláthar inbhuanaithe fola a choinneáil.

Pleananna ullmhachta maidir le sábháilteacht SoHO i limistéir ina dtuairiscítear cásanna, ba cheart iad a bheith réidh lena ngníomhachtú. Áirítear le pleananna den sórt sin gníomhartha atá le cur chun feidhme ag údarais náisiúnta, ag bunaochtaí SoHO agus ag gníomhaithe eile atá freagrach as sábháilteacht agus cáilíocht na dtáirgí SoHO.

Is féidir bearta coisctheacha atá le cur i bhfeidhm ag gach céim thábhachtach den slabhra soláthair SoHO a chur san áireamh sa phlean freisin. Ag brath ar an gcás iarbhír epidéimeolaíochta, d'fhéadfaí modhanna a bhunú leis an bplean ullmhachta freisin chun measúnú leanúnach a dhéanamh ar an riosca lena mbaineann.

## Fianaise

### Clár comhtháite rathúil coisc agus freagartha maidir le ráig d'fhiabhras chikungunya in Montpellier, an Fhrainc

Is éard atá anseo a leanas ná sampla de chlár comhtháite rathúil coisc agus freagartha sa Fhrainc arbh é ab aidhm dó ráig d'fhiabhras chikungunya a choinneáil faoi smacht. Is víreas eile é a dtarchuireann *Aedes albopictus* é.

Ba in Montpellier sa bhliain 2014 a tharla ráig de 12 chás fhiabhras chikungunya a bhí tarchurtha go háitiúil. Ba é an mhuiscít *Aedes albopictus*, an mhuiscít atá in ann víreas Zika a scaipeadh, a scaip an fiabhras [Delisle, et al. 2015]. Ba é an chéad chás ná taistealá a bhí ag fillleadh ó Chamarún.

Luann na húdair gur éascaíodh scaipeadh an víris mar nárbh ann do chóireáil láithreach rialaithe veicteoirí timpeall teach cónaithe an cháis phríomhúil agus mar gheall ar an easpa feasachta a bhí ann i measc gairmithe sláinte ar víreas chikungunya. Mar sin féin, bhí dea-phlean ullmhachta a chuir na húdarais Fhrancacha le chéile agus inar díriodh ar imscrúduithe epidéimeolaíochta agus ar chóireálacha rialaithe muiscítí a rinneadh arís is arís eile ina chabhair maidir

leis an ráig a choinneáil faoi smacht go mear. Bhí an plean ina chabhair freisin maidir le réamh-mheas a dhéanamh ar na hacmhainní riachtanacha a bheadh ag teastáil i gcás ráige agus cuireadh uirlisí rialála ar fáil ann, amhail mionchur síos a dhéanamh ar na freagrachtaí a bhí ar na páirtithe éagsúla agus conas faisnéis a chur in iúl i gcás leibhéil dhifriúla riosca.

Bhí siad seo a leanas ar na bearta a rinneadh tar éis an cás príomhúil a shainathint: faireachas a rinneadh ar mhuiscítí sa chomharsanacht, cóireálacha rialaithe muiscítí a rinneadh arís is arís eile go luath tar éis an cás príomhúil a shainathint agus dianfheachtas faisnéise.

Eochairthoisic san iarracht rathúil a rinneadh an ráig a choinneáil faoi smacht ba ea rannpháirtíocht an phobail áitiúil agus na n-oibrithé áitiúla cúram sláinte ann. Molann na húdair go dtabharfadh údarais náisiúnta agus áitiúla, gairmithe rialaithe muiscítí agus saotharlanna náisiúnta faoi phleanáil ullmhachta sula dtagann cásanna aníos le go gcuirfe feabhas ar an bhfreagairt sláinte poiblí do ráigí, ar ráige d'fhiabhras chikungunya í sa chás seo.

### Foinsí

Baineadh leas as na tuairiscí, na hailt agus an litríocht seo don pháipéar seo:

1. An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú. Rapid Risk Assessment. Zika virus disease epidemic: An séú nuashonrú, 20 Bealtaine 2016. Stócolm: ECDC; 2016.
2. An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú. Zika virus disease epidemic: Preparedness planning guide for diseases transmitted by *Aedes aegypti* and *Aedes albopictus*. Stócolm: ECDC; 2016.
3. Rezza G, Nicoletti L, Angelini R, Romi R, Finarelli AC, Panning M, et al. Infection with chikungunya virus in Italy: an outbreak in a temperate region. *Lancet*. 2007 Nollaig 1;370(9602):1840-6.
4. Delisle E, Rousseau C, Broche B, Leparac-Goffart I, L'Ambert G, Cochet A, et al. Chikungunya outbreak in Montpellier, France, September to October 2014. *Euro Surveill*. 2015;20(17).
5. Sousa CA, Clairouin M, Seixas G, Viveiros B, Novo MT, Silva AC, et al. Ongoing outbreak of dengue type 1 in the Autonomous Region of Madeira, Portugal: preliminary report. *Euro Surveill*. 2012;17(49).
6. Ionaid um Ghalair a Rialú agus a Chosc: Facts about microcephaly <http://www.cdc.gov/ncbddd/birthdefects/microcephaly.html>.

Faoi reachtaíocht an Aontais Eorpaigh maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, téann an Coimisiún Eorpach i mbun comhordú le Ballstáit an Aontais Eorpaigh tríd an gCoiste Slándála Sláinte chun malartú faisnéise a chinntiú agus chun sioncronú na mbeart ar fud na hEorpa a áirithiú. Baineann ról ECDC le measúnú riosca a dhéanamh agus le tacaíocht a thabhairt don Choimisiún Eorpach agus do Bhallstáit an Aontais Eorpaigh.

Is páipéir ghairide iad nótaí faisnéise beartais ECDC ina dtugtar léargas ar fhadhb sláinte poiblí faoi leith agus ina leagtar amach smaointe bunaithe ar fhianaise ar ar féidir a dhéanamh chun dul i ngleic léi. Cuirtear iad faoi bhráid déantóirí beartas ar an leibhéal Eorpach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach.

Foilsítear na comhaid deartha i dteannta an PDF ionas gur féidir an doiciméad a chur in oiriúint dá úsáid ar leibhéal náisiúnta, mar shampla tríd an téacs a aistriú go teangacha eile.

Lua molta: An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú. Ullmhú le haghaidh víreas Zika san Aontas Eorpach. Stócolm: ECDC; 2016.

Uimhir catalóige: TQ-04-16-490-GA-N

ISBN: 978-92-9193-960-2

DOI: 10.2900/381820

Pictiúr dúdaigh: Eric Bridiers, Misean na Náisiún Aontaithe, an Ghinéiv. Creative Commons (CC BY 2.0)

© An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, 2016. Údaraítear atáirgeadh, ar choinníoll go n-adhmaítear an fhoinse.